



An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

Ráiteas Straitéise

2012 – 2016

© NCSE 2012

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

1–2 Sráid an Mhuilinn
Baile Átha Troim
Co. na Mí

National Council for Special Education

1–2 Mill Street
Trim
Co. Meath

T: 046 948 6400

F: 046 948 6404

www.ncse.ie

Ráiteas Straitéise na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Clár Ábhar

Réamhrá	5
Réamhrá agus Anailís Timpeallachta	7
Anailís ar Thimpeallacht Eagrúcháin Oibriúcháin	7
Nascálacha trasearnála	7
Timpeallachtaí Beartais agus Dlíthiúla	8
Timpeallacht Eacnamaíoch	8
Timpeallacht Shóisialta	8
Anailís Inmheánach	9
Oibríochtaí	9
Taighde	10
Comhairle faoi Bheartas	10
Soláthar Foirne	10
Tosca Ratha Criticiúla	10
Cuspóirí Straitéiseacha	11
Ráiteas Físe NCSE	11
Ráiteas Misin NCSE	11
Cuspóirí Straitéiseacha NCSE	11

Réamhrá

Is plean uailmhianach é seo a bunaíodh ar phríomhfheidhmeanna NCSE mar atá leagtha amach in alt 20 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu (EPSN), 2004. Dírítear ar chúig réimse oibre don NCSE a dtugtar tosaíocht dóibh. Agus é seachadta, cuirfear leis an eolas atá againn faoin oideachas speisialta. Tabharfar comhairle faoi bheartas don Aire Oideachais agus Scileanna i dtaobh réimse ceisteanna faoin oideachas speisialta. Chomh maith leis sin, cinnteofar go leithdháilfear tacaíochtaí teagaisc agus cúraim atá ar fáil ar daltaí scoileanna a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu go cothrom. Comhlíonfar ár gcuid dualgas reachtúil agus corporáideach agus tabharfar aghaidh ar riachtanais ardoideachais agus breisoideachais do dhaoine fásta.

Is in am seo na héiginnteachta do Gheilleagar na hÉireann atá ár bPlean Straitéise á fhoilsiú. Foilsíodh an Plean Straitéise deireanach agus muid ag tnúth le go gcuirfí i bhfeidhm ar shlí chéimnitheach é faoi Dheireadh Fómhair 2010. Tá a fhios againn anois nach gcuirfear i bhfeidhm é go dtiocfaidh feabhas ar an ngeilleagar.

Idir an dá linn, spreagann an NCSE go láidir leis an Rialtas tosaíocht leanúnach a thabhairt do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu go háirithe agus acmhainní gann agus in iomaíoch lena chéile. Leanfaidh an NCSE de bheith ag obair le tuismitheoirí/caomhnóirí, le scoileanna, agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna le cinntiú go leithdháilfear na hacmhainní ar shlí éifeachtach agus chothrom atá ar aon dul le beartas an Rialtais.

Sydney Blain
Cathaoirleach

Réamhrá agus Anailís Timpeallachta

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) sa bhliain 2003. Leagtar amach ár gcuid feidhmeanna in alt 20 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (EPSEN), 2004. Áirítear orthu sin:

- soláthar oideachais do pháistí, a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, a phleanáil agus a chomhordú agus contanam soláthair oideachais speisialta a chinntiú
- taighde a sheoladh agus a chur i gcrích
- comhairle faoi bheartas a thabhairt don Aire Oideachais agus Scileanna faoin oideachas speisialta
- faisnéis a scaipeadh, lena n-áirítear dea-chleachtas, faoin oideachas speisialta do thuismitheoirí, do scoileanna agus do dhaoine eile ar spéis leo é
- dul i gcomhairle le comhlachtaí deonacha le cinntiú go mbainfidh an Chomhairle leas as an bhfaisnéis agus an saineolas atá acu agus beartas á fhorbairt acu
- athbhreithniú ginearálta a dhéanamh ar an soláthar a dhéantar do dhaoine fásta faoi mhíchumas trína féidir leo gabháil don bhreisoideachas, don ardoideachas agus/nó don oideachas leantach, agus comhairle a thabhairt d'institiúidí oideachais faoin gcleachtas is fearr san oideachas do dhaoine fásta faoi mhíchumas.

Anailís ar Thimpeallacht Eagrúcháin Oibríocháin

Nascálacha trasearnála

Mar chuid dár gcuid oibre, tá gá le nascálacha tras-Rannacha agus trasearnála leis an Roinn Oideachais agus Scileanna (DES), leis an Roinn Sláinte agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Is ag an leibhéal áitiúil a chruthaítear na nascálacha seo; oibríonn Eagraitheoirí Riachtanais Speisialta Oideachais (SENO) le baill foirne FSS agus na Roinne Oideachais agus Scileanna. Oibríonn siad le chéile ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí chomh maith agus déantar ionadaíocht don NCSE ar an bhfoireann náisiúnta trasearnála Oideachais/Sláinte.

Is sampla amháin de chomhar trasearnála é an próiseas measúnaithe riachtanas a dhéantar ar pháistí níos óige faoin Acht um Míchumas. Faoi láthair, tagraíonn an FSS do mheasúnuithe an NCSE faoin Acht um Míchumas. Ba sna measúnuithe seo a aithníodh an gá a bhí le seirbhís oideachais ag páistí réamhscoile. Cuireann sé seo ar chumas an NCSE próiseas pleanála a thosú do pháistí a d'fhéadfadh go mbeadh gá acu le tacaíochtaí agus iad ar scoil den chéad uair. Mar thoradh air sin, cruthaítear nasc idir é agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS). D'fhéadfadh NEPS a aithint ón doiciméadú a ghabhann le measúnú riachtanais go bhfuil gá ag páiste le socruithe speisialta. Déanann NEPS doiciméadú measúnuithe a shoiléiriú don SENO freisin nuair is gá.

Áirítear ar fhorbairtí san Earnáil Sláinte bunú Foirne Luath-idirghabhála agus Scoile a mbeidh na measúnuithe agus an idirghabháil idir lámha acu do pháistí. Cuirtear fáilte mhór roimh na forbairtí seo. Tá an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ag tnúth le bheith ag obair go dlúth leis na foirne seo ag leibhéal áitiúil.

Timpeallachtaí Beartais agus Dlíthiúla

Sa chlár nua rialtais, cuireann an Chomhairle fáilte roimh an tiomantas a rinneadh plean mar seo a leanas a fhoilsiú: "plean do chur i bhfeidhm Acht EPSEN 2004 chun tosaíocht a thabhairt do rochtain páistí, a bhfuil riachtanais speisialta acu, ar phlean aonair oideachais. Tabharfar tosaíocht d'aistriú chuig chóras ina mbeidh na tacaíochtaí riachtanacha ag páistí ón mbunscoil ar aghaidh go dtí an meánscoil agus do chomhtháthú níos fearr seirbhísí do riachtanais speisialta."

Sholáthair forálacha Acht EPSEN 2004 agus an Achta um Míchumas 2005 creat nua faoina ndéanfaí sainseirbhísí tacaíochta do pháistí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas a phleanáil agus a sheachadadh. Sa dá acht seo, aithnítear gurb iad an NCSE agus FSS an dá phríomheagraíocht seachadta.

Ba sa bhliain 2005 a achtaíodh an tAcht um Míchumas. Déantar foráil le halt 2 den Acht seo maidir le bheith i dteideal measúnú neamhspleách a fháil ar riachtanais sláinte agus oideachais mar aon le ráiteas seirbhísí. Tosaíodh cuid 2 do pháistí atá faoi bhun 5 bliana d'aois le héifeacht ón 1 Meitheamh 2007.

Leanfaidh an NCSE de bheith ag obair leis an Roinn Sláinte, leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i dtaobh ceistanna tras Rannacha agus trasearnála. D'fhéadfadh go mbeadh feidhm acu maidir leis an ról atá orainn tacaíochtaí a sholáthar do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Leanfaimid de bheith ag soláthar acmhainní do scoileanna ar aon dul le beartas an Rialtais. Cuirfidh sé seo ar a gcumas tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Timpeallacht Eacnamaíoch

I Nollaig 2010, chinn an Rialtas ar theorainn a chur leis an líon múinteoirí (lena n-áirítear múinteoirí acmhainne) agus leis an líon post do chúntóirí riachtanas speisialta chun an líon fostaithe san earnáil phoiblí a rialú. Ba é a bhí i gceist leis sin ná, den chéad uair ó 1998, nár leithdháileadh poist ar mhúinteoirí acmhainne "de réir éilimh". Amach ansin bhí orthu poist a bhainistiú de réir líon áirithe.

Tá an cheist seo go mór i mbéal an phobail agus na meán ó rinneadh an cinneadh. Is iad na tuismitheoirí is mó atá buartha faoi chumas an NCSE leanúint de bheith ag ceadú post teagaisc agus/nó tacaíochtaí cúraim mar fhreagra ar riachtanais an pháiste. Cinnteoidh an NCSE go leithdháilfear na hacmhainní atá ar fáil de réir riachtanais agus ar shlí chothrom, cheart agus chomhsheasmhach i ngach scoil cháilitheach.

Timpeallacht Shóisialta

De réir mar a thiocfaidh fás ar an daonra go ginearálta, glactar leis go méadóidh an líon páistí a mbeidh riachtanais oideachais speisialta acu. Cé go bhfuil líon suntasach post ar fáil do Mhúinteoirí Acmhainne agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta (atá níos airde ná mar a bhí le blianta beaga anuas), beidh níos mó éilimh ar thacaíochtaí scoileanna mar thoradh ar an bhfás daonra. Caithfear an t-éileamh seo a bhainistiú taobh istigh den líon socair post tacaíochta atá ar fáil.

Cuireann an pobal agus na meáin béim ar an oideachas speisialta i gcónaí. Mar thoradh air sin, beidh ar an gComhairle a chinntiú go mbeidh tuismitheoirí agus scoileanna

ar an eolas faoi na paraiméadair beartais a thacaíonn le poist oideachais speisialta a leithdháileadh, na próisis leithdháilte agus leibhéal agus an méid acmhainní atá ar fáil. Déanfar seo trí straitéis faisnéise don phobal agus straitéis cumarsáide a fhorbairt.

Tá líon feidhmeanna ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Áirítear orthu sin tacaíocht leanúnach a thabhairt do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Áirítear orthu sin obair a dhéanamh le scoileanna chun acmhainní cuí teagaisc agus/nó cúraim a sholáthar. Ar an tslí sin cuirfear ar a gcumas daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chlárú. Áirítear orthu sin freisin obair a dhéanamh le scoileanna príomhshrutha agus speisialta chun ranganna speisialta a bhunú. Sna ranganna sin tabharfar aghaidh ar an éileamh atá ann ar shocrúcháin dá sórt.

Braitheann cumas na Comhairle "tacaíocht leanúnach" a sholáthar ar a thoilteanaí agus a bheidh scoileanna freagairt do riachtanais an phobail ar bhonn leanúnach agus comhaontú le roghanna socrúcháin speisialta a chur ar fáil/a fhorbairt.

Is ábhar cúraim don Chomhairle é an leisce atá ar líon beag scoileanna daltaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu a chlárú agus ranganna speisialta a bhunú mura bhfuil tacaíochtaí ar fáil .i. teiripe urlabhra agus teanga nó teiripe shaothair trí mhaoiniú FSS nó mura ndéantar líon áirithe post SNA a ghealladh dóibh roimh ré.

Chuir an NCSE an méid seo in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna. Sa bhreis air sin, chuir an NCSE aighneacht faoi bhráid na Roinne maidir leis an iarratas a rinneadh ar cheisteanna a bhaineann le clárú daltaí. Go dtí sin, má tá leisce ar scoileanna go forleathan, cuirfidh sé isteach ar ár gcumas tacaíocht leanúnach a chur ar fáil nuair is gá. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar suntasach aige ar chumas an pháiste oideachas a fháil a fhreastalóidh ar a chuid riachtanas.

Anailís Inmheánach

Oibríochtaí

Faoi láthair, próiseálann an NCSE iarratais scoileanna ar thacaíochtaí SNA agus teagasc acmhainne (RT). In 2011, cuireadh níos mó uaireanta teagaisc ar fáil i scoileanna a sholáthair teagasc breise do níos mó ná 38,000 dalta. Bhí riachtanais oideachais speisialta faoi leith ag an daltaí seo. Cuireadh poist SNA ar fáil chun tacú le níos mó ná 19,000 dalta a raibh riachtanais cúraim acu i scoileanna príomhshrutha agus speisialta.

Forbraíodh ár gcreat Teicneolaíocht Faisnéise chun tacú leis an tslí stairiúil ar ceadaíodh tacaíocht i scoileanna. Le linn 2011, athraíodh na paraiméadair beartais a bhaineann le leithdháileadh tacaíochtaí. Cuireadh teorainn leis an líon post don Teagasc Acmhainne agus SNA. Anuas air sin, ba ar na scoileanna a leithdháileadh na poist sin. Is faoin scoil féin é cinneadh profisiúnta a dhéanamh faoin tslí ar cheart acmhainní breise a bhainistiú agus a úsáid chun tacú le daltaí go héifeachtach. Ní mór an Creat Teicneolaíocht Faisnéise a mhionchoigeartú níos mó chun tacú leis na riachtanais a bheidh againn amach anseo. Is féidir leas a bhaint as forbairtí breise teicneolaíochta chomh maith.

Taighde

Tá ár gclár taighde forbartha go maith. Foilsítear ár gcuid taighde ar an láithreán gréasáin – www.ncse.ie.

Tá taighde reatha á dhéanamh ar cheisteanna ar nós *Transitions: Primary to Post-Primary; Project Iris*, ar tionscadal taighde fadaimseartha 3 bliana é a bhfuil sé mar aidhm aige an taighde is doimhne a rinneadh in Éirinn go dtí seo a dhéanamh ar oideachas speisialta agus cuimsitheach; agus *Access/progression to further and higher education*.

Sa chlár taighde, soláthraítear eolas do thuismitheoirí, do phroifisiúnaigh oideachais agus don saol acadúil ar spéis leo na treochoaí agus an t-eolas is déanaí faoin oideachas speisialta. Cuireann sé leis an gcomhairle faoi bheartas a thugtar don Aire Oideachais agus Scileanna chomh maith. Sa chlár taighde, leanfar de bheith ag cur béime ar fhorbairt faisnéise agus bonn á sholáthar do cheapadh beartais ar bhonn fianaise.

Comhairle faoi Bheartas

Laistigh de chreat ama an ráitis straitéise, tá sé ar intinn ag an NCSE comhairle shubstaintiúil faoi bheartas a thabhairt faoi líon príomhréimsí oideachais speisialta. Áirítear orthu sin:

- cód cleachtais a bheidh mar threoir maidir le socrúcháin oideachais do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- acmhainní a chur ar fáil do scoileanna a thacaíonn le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- oideachas a thabhairt do pháistí a bhfuil riachtanais faoi leith oideachais acu.

Soláthar Foirne

Tá ár bPríomhoifig lonnaithe i mBaile Átha Troim, Contae na Mí. Sa bhreis air sin, is ann do 39 oifig timpeall na tíre ina n-oibríonn Eagraitheoirí Riachtanais Speisialta Oideachais (SENO). Soláthraíonn siad seirbhís áitiúil do thuismitheoirí agus do scoileanna.

I mí na Nollag 2010, ba é leibhéal údaraithe soláthair foirne an NCSE ná 109 post. Áirítear air sin dáréag Eagraitheoirí Sinsearach (SENO) agus 75 post SENO. Táthar chun an leibhéal seo a laghdú ar aon dul le creat rialaithe fostaíochta an Rialtais. Ní mór éifeacht an laghdaithe seo a bhainistiú go cúramach chun an tionchar a bheidh aige ar sheachadadh ár bpríomhfheidhmeanna a mhaolú.

Tosca Ratha Criticiúla

Braitheann cur i gcrích na gcuspoirí straitéiseacha, mar a leagtar amach sa ráiteas straitéise seo, ar líon tosca ratha criticiúla. Áirítear orthu sin:

Cumas Eagrúcháin: Tá ár gcumas feidhmeanna a chur i gcrích teagmhasach ar acmhainní foirne agus cistiúcháin, mar aon le córas faisnéis bhainistíochta atá forbartha.

Acmhainní a chur ar fáil: Tá ár gcumas iarratais scoileanna ar thacaíochtaí a fhreagairt go cuí teagmhasach ar phoist teagaisc agus SNA a bheith ar fáil go leanúnach.

Comhpháirtíochtaí: Ní bheidh rath ar an gcóras seo oideachas cuí a sholáthar do gach páiste, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu, mura n-oibríonn comhpháirtíochtaí go léir san earnáil oideachais le chéile. Áirítear orthu sin Éarlaimh, Údaráis Bainistíochta, Foirne Scoile, tuismitheoirí agus eagraíochtaí éagsúla Stáit lena n-áirítear an NCSE, DES agus FSS. D'fhéadfadh go mbeadh orainn go léir bheith níos nuálaí agus níos solúbtha le cinntiú go mbeadh leanúntas tacaíochtaí ar fáil do pháistí.

Cuspóirí Straitéiseacha

Baineann líon príomhghnéithe leis an bplean straitéiseach atá againn. Áirítear orthu sin an Ráiteas Misin agus ár gcuid cuspóirí straitéiseacha. Chomh maith leis sin, aithníodh na tascanna a bhfuil gá leo chun ár gcuspóir straitéiseach a chur i bhfeidhm. Forbraíodh táscairí feidmíochta le gur féidir linn féachaint ar a bhfuil bainte amach againn maidir leis na cuspóirí straitéiseacha.

Ráiteas Físe NCSE

Sochaí ina bhfaigheann daoine fásta agus páistí, a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, an t-oideachas a chuireann ar a gcumas gach ar féidir leo a bhaint amach.

Ráiteas Misin NCSE

Cuirfidh an NCSE leanúntas soláthair oideachais chun cinn atá uileghabhálach agus freagrach agus a sholáthraíonn oideachas cuí do pháistí agus do dhaoine fásta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Déanfar é seo trí thacaíochtaí a thabhairt do scoileanna; comhairle a thabhairt d'oideoirí, do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí; taighde faoin oideachas speisialta a dhéanamh agus a leathadh; agus comhairle faoi bheartas a thabhairt don Aire Oideachais agus Scileanna faoi cheisteanna oideachais speisialta.

Cuspóirí Straitéiseacha NCSE

Tá 5 Chuspóir Straitéiseacha forbartha againn a bhfuil baint acu lenár gcuid feidhmeanna:

Cuspóir Straitéiseach 1: Soláthar seirbhísí oideachais agus tacaíochta a phleanáil agus a chomhordú do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Cuspóir Straitéiseach 2: Comhairle faoi bheartas, ar bhonn fianaise, a thabhairt don Aire Oideachais agus Scileanna faoi oideachas páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Cuspóir Straitéiseach 3: Clár taighde a sheoladh agus a sheachadadh do scoileanna, do thuismitheoirí agus don earnáil oideachais a bheidh mar bhonn agus thaca ag scaipeadh faisnéise faoin gcleachtas is fearr san oideachas speisialta.

Cuspóir Straitéiseach 4: Athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar ardoideachais agus breisoideachais do dhaoine fásta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus treoirlínte faoin gcleachtas is fearr a fhorbairt.

Cuspóir Straitéiseach 5: A chinntiú go bhforbraíonn an NCSE mar eagraíocht éifeachtach a chomhlíonann riachtanais reachtúla, rialála agus rialachais chorparáidigh. Cinnteofar freisi gurb ann do scaipeadh éifeachtach faisnéise mar aon le straitéisí cumarsáide agus meán.

Maidir le gach ceann de na Cuspóirí Straitéiseacha, forbraíodh na haschuir agus na torthaí a bhaineann leo:

Cuspóirí Straitéiseacha	Straitéisí	Aschur	Toradh
<p>1. Soláthar seirbhísí oideachais agus tacaíochta a phleanáil agus a chomhordú do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Pleanáil maidir leis an réimse socrúchán oideachais a theastaíonn i scoileanna príomhshrutha agus speisialta, agus comhairle a thabhairt don Roinn Oideachais agus Scileanna faoi riachtanais tógála scoileanna. • A chinntiú go gceadaítear tacaíochtaí don teagasc acmhainne agus SNA de réir bheartas na Roinne Oideachais agus Scileanna. • Faisnéis a sholáthar don Roinn Oideachais agus Scileanna faoi sheirbhísí tacaíochta ar nós iompar scoile, an teicneolaíocht oiriúnaitheach agus trealamh speisialta. D'fhéadfadh go mbeadh gá leo sin chun tacú le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. • Sonraí a chruthú, a chothabháil agus a fhoilsiú maidir le tacaíochtaí seirbhíse a sholáthraítear do pháistí a bhfuil cúntóir riachtanais speisialta acu. 	<ul style="list-style-type: none"> • Réimse sainranganna i scoileanna príomhshrutha agus speisialta. • Ceadaíodh poist SNA i scoileanna de réir mar ba ghá agus de réir beartais. • Ceadaíodh poist don teagasc acmhainne i scoileanna de réir mar ba ghá agus de réir beartais. • Rinneadh athbheithnithe tréimhsiúla ar phoist leithroinnte maidir leis an teagasc acmhainne agus SNA de réir mar ba ghá. • Próiseáladh iarratais ar iompar scoile. • Próiseáladh iarratais ar threalamh teicneolaíochta oiriúnaithí/speisialta. • Próiseáladh iarratais ar theagasc baile. • Foilsíodh sonraí ar láithreán gréasáin an NCSE faoi phoist leithroinnte maidir leis an teagasc acmhainne agus SNA. 	<ul style="list-style-type: none"> • Beidh acmhainní ag scoileanna chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Beidh sé seo ar aon dul le beartas na Roinne Oideachais agus Scileanna. • Tá faisnéis ar fáil maidir le leithdháileadh bliantúil post RT agus SNA i scoileanna.

Cuspóirí Straitéiseacha	Straitéisí	Aschur	Toradh
<p>2. Comhairle faoi bheartas, ar bhonn fianaise, a thabhairt don Aire Oideachais agus Scileanna faoi oideachas páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.</p>	<p>Clár maidir le beartas, ar bhonn fianaise, a sheoladh agus a sheadadadh ina dtabharfar aghaidh ar phríomhthosaíochtaí oideachais speisialta.</p>	<p>Tugadh comhairle faoi bheartas fúthu seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cód cleachtas a bheidh mar threoir maidir le socrúcháin oideachais do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. • Acmhainní scoileanna a thacaíonn le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. • Oideachas páistí a bhfuil riachtanais faoi leith oideachais acu. 	<ul style="list-style-type: none"> • Aithnítear an NCSE mar fhoinsé saineolais agus faisnéise i dtaobh soláthar oideachais speisialta in Éirinn. • Beidh an tAire Oideachais agus Scileanna ábalta plean a chur i gcrích maidir le hathruithe beartais a bhaineann le gach ceann de na réimsí.
<p>3. Clár taighde a sheoladh agus a sheachadadh do scoileanna, do thuismitheoirí agus don earnáil oideachais a bheidh mar bhonn agus thaca ag scaipeadh faisnéise faoin gcleachtas is fearr san oideachas speisialta.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Clár ilbhliantúil de thaighde coimisiúnaithe agus tionscadail atá bunaithe ar thaighde a bhainistiú faoin oideachas speisialta. • Plean a bhunú le gur féidir faisnéis a scaipeadh faoin gcleachtas is fearr maidir le hoideachas speisialta do thuismitheoirí, scoileanna agus daoine ar spéis leo é. • Straitéis faisnéise agus cumarsáide a fhorbairt don phobal. 	<ul style="list-style-type: none"> • Foilsíodh tuarascálacha taighde mar aon le doiciméid achomair faoi phríomhthorthaí taighde gach tuarascála. • Taighde ar Chomhdhála a bheidh á reáchtáil in 2012, 2013, 2014 agus 2015. • Clár i bhfeidhm, agus ar bun, le cinntiú go bhfuil thuismitheoirí ar an eolas faoi sholáthar oideachais speisialta agus faoi roghanna socrúcháin agus go dtuigeann siad iad. Cinntítear go bhfuil an pobal i gcoitinne ar an eolas faoin oideachas speisialta go ginearálta. 	<ul style="list-style-type: none"> • Aithnítear an NCSE mar fhoinsé ag a bhfuil an fhaisnéis is deireanaí faoin gcleachtas is fearr agus faoi threochtaí an oideachais speisialta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. • Beidh fianaise ar fáil don chomhairle faoi bheartas. • Beidh rochtain ag thuismitheoirí ar fhaisnéis. Cuirfidh sé seo ar a gcumas roghanna eolasacha a dhéanamh faoi oideachas a bpáistí. Beidh rochtain acu, agus ag an bpobal i gcoitinne, ar fhaisnéis faoin soláthar oideachais speisialta agus faoi cheisteanna oideachais speisialta go ginearálta.

Cuspóirí Straitéiseacha	Straitéisí	Aschur	Toradh
<p>4. Athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar ardoideachais agus breisoideachais do dhaoine fásta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus treoirlínte faoin gcleachtas is fearr a fhorbairt.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Dul i ngleic le soláthróirí breisoideachais agus ardoideachais chun athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar reatha. • Taighde a dhéanamh faoi threoirlínte a bhaineann leis an cleachtas i fearr maidir le hoideachas do dhaoine fásta agus comhairle a thabhairt dá réir sin. 	<ul style="list-style-type: none"> • Tugadh faisnéis do thuismitheoirí agus do dhaoine fásta, a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, faoin mbreisoideachas agus ardoideachas. • Foilsíodh taighde faoin gcleachtas is fearr i ndáil le hoideachas do dhaoine fásta faoi mhíchumas. • Soláthraíodh comhairle faoi bheartas don Aire faoi oideachas daoine fásta faoi mhíchumas. 	<ul style="list-style-type: none"> • Aithnítear an príomhról atá ag an NSCE maidir le faisnéis a thabhairt do dhaoine óga faoi mhíchumas, agus dá gcuid tuismitheoirí/caomhnóirí freisin faoi roghanna oideachais do dhaoine fásta. • Beidh tuismitheoirí agus daoine óga ábalta plean agus cinneadh a dhéanamh faoi roghanna breisoideachais agus/nó ardoideachais agus/nó oideachais leantair i ndiaidh na scoile. • Beidh rochtain ag soláthróirí agus úsáideoirí breisoideachais/ar doideachais ar fhaisnéis faoin gcleachtas is fearr i ndáil le hoideachas daoine fásta faoi mhíchumas. • Beidh an tAire Oideachais agus Scileanna ábalta athruithe cuí ar bheartas reatha a phleanáil maidir le hoideachas daoine fásta faoi mhíchumas. •

Cuspóirí Straitéiseacha	Straitéisí	Aschur	Toradh
<p>5. A chinntiú go bhforbraíonn an NCSE mar eagraíocht éifeachtach a chomhlíonann riachtanais reachtúla, rialála agus rialachais chorparáidigh. Cinnteofar freisin gurb ann do scaipeadh éifeachtach faisnéise mar aon le straitéisí cumarsáide agus meán.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Athbhreithniú agus feabhas leanúnach a dhéanamh, de réir mar is cuí, ar an rialachas riachtanach inmheánach agus ar na próisis rialaithe. Clúdaíonn siad sin úsáid an NCSE as maoiniú an Stáit agus as acmhainní, go díreach agus go hindíreach. Athbhreithniú agus feabhas leanúnach a dhéanamh ar ár gcuid próiseas agus nascálacha le tuismitheoirí, le scoileanna agus le heagraíochtaí eile. 	<ul style="list-style-type: none"> Cuntais bhliantiúla a iniúchadh agus a fhoilsiú. Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil. Cuireadh Ráiteas Straitéise i bhfeidhm Líon fostaithe de réir creat rialaithe fostaíochta. Ceadáíodh poist SNA agus RT ar aon dul le beartas an Rialtais. Cuireadh Straitéis faisnéise agus cumarsáide don phobal i bhfeidhm. 	<p>Aithnítear an NCSE mar eagraíocht a bhaineann a gcuid feidhmeanna amach. Comhlíonann sé a gcuid dualgas reachtúil, rialála agus rialachais chorparáidigh. Chomh maith leis sin, aithnítear é mar eagraíocht a chuireann ceisteanna faoin oideachas speisialta in iúl go héifeachtach.</p>

